Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Samhain 2022
(OR. en)

14106/22

LIMITE

CORLX 999
CFSP/PESC 1437
MOG 109
COHOM 122

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2011/235/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2011/235/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle an 12 Aibreán 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin[1], agus go háirithe Airteagal 3(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

[1] IO L 100, 14.4.2011, lch. 51.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Aibreán 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/235/CBES.

(2) An 25 Meán Fómhair 2022, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála dearbhú thar ceann an Aontais inar cáineadh an úsáid fhorleathan dhíréireach a bhain fórsaí slándála na hIaráine as an lámh láidir i gcoinne daoine a bhí páirteach in agóidíocht shíochánta, rud ba chúis le bás agus gortú líon mór daoine. Luadh sa dearbhú freisin nach mór iad siúd atá freagrach as Mahsa Amini a mharú a thabhairt chun cuntais agus iarradh ar údaráis na hIaráine imscrúduithe trédhearcacha inchreidte a áirithiú ionas go soiléireofar líon na ndaoine a fuair bás agus a gabhadh, go scaoilfear saor iad siúd a bhí páirteach san agóidíocht shíochánta agus go gcuirfear próis chuí ar fáil do na daoine ar fad atá á gcoinneáil. Thairis sin, cuireadh i bhfios go láidir sa dearbhú gur glansárú ar an tsaoirse tuairimí a nochtadh é an cinneadh a rinne an Iaráin srian mór a chur ar rochtain ar an idirlíon agus bac a chur ar ardáin teachtaireachtaí meandracha. Ar deireadh, luadh sa dearbhú go mbreithneoidh an tAontas na roghanna uile atá ar fáil dó chun aghaidh a thabhairt ar mharú Mahsa Amini agus ar an gcaoi ar fhreagair fórsaí slándála na hIaráine do na léirsithe a bhí ann ina dhiaidh sin.

PUBLIC

(3) An 17 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/1956[1], lena n-áirítear aon duine dhéag agus ceithre eintiteas ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235/CBES as a rannpháirtíocht i sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin.

(4) Sa chomhthéacs sin, agus i gcomhréir le gealltanas an Aontais aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna uile is ábhar imní maidir leis an Iaráin, lena n-áirítear staid chearta an duine, ba cheart duine amháin a áireamh ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235/CBES.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

[1] Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/1956 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2022 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2011/235/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin (IO L 269, 17.10.2022, lch. 9).

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN**

PUBLIC

Cuirtear an duine seo a leanas le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235/CBES:

Daoine

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '107. | VAHIDI Ahmad<br>وحيدى احمد | Áit bhreithe: Shiraz (an Iaráin)<br>Dáta breithe: An 27 Iúil 1958<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Post: An Aireacht Gnóthaí Baile | Is é Ahmad Vahidi Aire Gnóthaí Baile na hIaráine ón 25 Lúnasa 2021. Dá réir sin, tá sé freagrach as Fórsaí Forfheidhmithe Dlí na hIaráine (LEF).<br>Ó chuaigh sé i mbun oifige, ceapadh líon oifigeach míleata agus slándála nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo mar ghobharnóirí cúigeacha a imríonn príomhróil maidir le comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí rialaithe sluaite ag fórsaí speisialta póilíneachta, ag mílíste Basij agus ag Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (Islamic Revolutionary Guard Corps) (IRGC).<br>Tá cur síos cuimsitheach déanta cheana féin ar na sáruithe follasacha tromchúiseacha ar chearta an duine atá déanta ag LEF, amhail lámhach neamh-idirdhealaitheach agóideoirí síochánta le harmlón beo, lena n-áirítear leanaí, ó cuireadh tús le hagóidí a bhain le bás Mahsa Amini, agus a thosaigh i lár mhí Mheán Fómhair 2022. Fuair os cionn 70 agóideoir bás agus gortaíodh na céadta go dona, leanaí san áireamh. Ó thús na léirsithe, tá an iliomad cosantóirí agus iriseoirí ar chearta an duine coinnithe go treallach ag na fórsaí póilíneachta. Mhol Vahidi go poiblí freisin cur chuige fíordhian i leith daoine a ghlacann páirt sna léirsithe.<br>Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine san Iaráin. | +' |

---

+ IO : cuir isteach le do thoil dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.